

Tá TOOLS á mhaoiniú le cabhair ón Choimisiún Eorpach. Léiríonn an foilseachán seo tuairimí an údair amháin, níl an Coimisiún freagrach ar dhóigh ar bith as aon úsáid a bhaintear as an eolas ann.



Cnuasaímis ár dtionscadail le chéile
Glac ballraíocht in TOOLS anois
Cuir r-phost chuig ka@sde.dk



Tá TOOLS i ndiaidh an tslí i dtreo an chomhoibríthe agus roinnt thorthaí an chomhoibríthe a réiteach.


Má tá tú ag obair ar thionscadal teanga (nó má tá tionscadal críochnaithe agat cheana féin) tar ar bord agus tosaigh ag cnuasach do thorthaí le tionscadail eile a bhaineann le teagasc teangacha. Má oibrímid le chéile is féidir linn freastal ar na daoine a úsáideann na hábhair seo agus ar an bhonn sin imreimid tionchar suntasach orthu. Ní ag athchruthú an rotha a bheimid má roinnimid eolas agus torthaí le chéile.

Is tionscadal comh-mhaoinithe ag an CE é TOOLS (Uirlísí do Mhúinteoirí Teanga FCÁT) atá ag forbairt uirlíse saoire ar-líne chun tacú le FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha).

Lig do láithreán gréasáin *tools & pools* daoine a nascadh leis na torthaí seo agat. Tá rochtain ón láithreán céanna ar uirlísí cóipchlé do theagasc teangacha, físeáin, ábhair theagaisc, modheolaíocht agus treoirleabhair ar féidir leat a úsáid nó a shníomh isteach i do thionscadail féin.

Léim ar bord agus glac páirt i bhfoirne *tools* agus *pools*, cuir r-phost chuig: ka@sde.dk





Cuspóirí: Tá sé mar aidhm ag tionscadal TOOLS uirlís/seirbhís shaor ar-líne a fhorbairt a chuirfidh ar chumas múinteoirí teanga ó choláistí, ollscoileanna, agus institiúidí don fhoghlaim aosach, leathanaigh ghréasáin ilmheán a chruthú ina ndéantar naisc go huathoibríoch le foclóirí ar-líne i mbreis agus céad teanga.

Ba mhian leis an tionscadal uirlís ar-líne a fhorbairt a bheidh chomh furasta sin a úsáid go bhfuil aon duine atá in ann leithéidí Facebook a láimhseáil ábalta áiseanna foghlama teanga a chruthú ar an toirt.

An buntáiste atá le huirlís iomlán ar-líne ná go n-oibreoidh sí le gach córas oibriúcháin reatha (ní Microsoft amháin) agus aon cheann nua amach anseo. Chomh maith leis sin, éascóidh sí cruthú leathanach gréasáin ilmheán do fhoghlaim teangacha ó ghléasanna soghluaiste agus le haghaidh gléasanna soghuaiste ar nós táibléad (m.sh. iPadanna).

Beidh rogha ag úsáideoirí na leathanaigh ghréasáin a chruthaíonn siad a chur ar fáil ar-líne láithreach bonn agus saor in aisce ag úsáid an chórais a fhorbróimid (nó córais eile ar nós dropbox.com), nó iad a íoslódáil ar mhaithe le hiad a lonnú ar a láithreán féin.

Tacóidh na leathanaigh idirlín a chruthófar le gach carachtar UTF-8, mar sin de, freastlóidh an uirlís ar theangacha ar nós na Gréigise, na Liotuáinise agus na hAraibise.

Léireoidh foirne an tionscadail buanna an chórais agus cruthóidh siad áiseanna foghlama ar-líne do na teangacha seo a leanas: Araibis, Danmhairgis, Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban, Liotuáinis, Portaingéilis agus Spáinnis.

www.languages.dk
facebook.com/tools4clil

Doiciméadú riachtanas: Braitheann múinteoirí FCÁT agus teangacha neamhfhorleathana ar áiseanna a chruthaíonn siad féin (Tuarascáil EURYDICE 2005 *Key Data on Teaching Languages at School in Europe*). Nochtar an tuairim chéanna i dtuarascáil ICC *The Impact of New Information Technologies and Internet on the Teaching of Foreign Languages...*: „There will be a shift from passive consumption of ready-made programmes to independent building of content, tailor made for specific groups or individuals“.

Scaipeadh Eolais: Scaipfeadh torthaí an tionscadail trí EuroCall agus ag comhdhálacha eile. Tógann láithreán gréasáin an tionscadail ar láithreán reatha a bhfuil breis agus 50,000 cuairteoir taifeadta sa bhliain aige: www.languages.dk.

Le linn thréimhse mhaoinithe an tionscadail (30 mí – ag tosú Eanáir 2012) cuirfidh na comhpháirtithe ocht nuachtlir amach, glacfaidh siad páirt i gceithre chomhdháil (EfVET agus EuroCall) agus eagróidh siad sraith cúrsaí píolótacha.

Mar chuid de **chéim shaothraithe** an tionscadail féachfar le 560 múinteoir agus ábhar oide (agus dá réir sin foghlaiméoirí teanga) a chur ag úsáid na huirlíse. Reáchtálfar cúrsaí saor in aisce ar-líne i ndiaidh thréimhse an tionscadail trí leithéidí *Webheads* agus trí chomhpháirtithe eile de chuid an tionscadail. Rachaidh an tionscadal i bhfeidhm ar bhreis agus 2000 múinteoir ar a laghad.

Ciallóidh torthaí an tionscadail go mbainfeadh úsáid níos forleithne as FCÁT ar fud na hEorpa.

Tá fáilte romhat féin cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí a thairiscint bunaithe ar na háiseanna saor in aisce a chruthóidh TOOLS.

Tuilleadh Eolais: Tá pobal na n-úsáideoirí cláraithe agus na mball ag fás mar ghréasán gnáthdhaoine. D'fhéadfá féin bheith i do bhall nó clárú chun na nuachtlitreacha a fháil ó láithreán an tionscadail: www.languages.dk nó Facebook facebook.com/tools4clil

